# Fiosrúchán an Ionadluacha

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - ionadluach, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú<br><br>Réasúnaíocht - patrúin agus coibhnis mhatamaiticiúla a chuartú agus a imscrúdú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | digit, níos mó, níos lú, ionadchoinneálaí, colún, ionadluach, difear, suim |
| **Áiseanna** | Ábhair Bhonn 10 choincréiteacha ar líne, cártaí digite 0-9 |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tugtar trí dhigit randamacha ó 0-9 do dhaltaí. Ansin, iarrann an múinteoir orthu na huimhreacha difriúla is féidir a fhoirmiú ag úsáid na ndigití seo a liostú. Pléann daltaí an uimhir is mó, an uimhir is lú, an difríocht eatarthu agus suim na n-uimhreacha srl. Déantar é seo arís maidir le huimhreacha ceithre dhigit agus cúig dhigit.

I mbeirteanna, déanann daltaí a bhfiosrúchán féin ag úsáid digití 0-9. Ansin, úsáideann siad na hábhair bhonn 10 chun na huimhreacha a léiriú. Fiosraíonn siad cé mhéad uimhir dhifriúil is féidir leo a dhéanamh ag úsáid na ndigití atá acu, agus cuardaíonn siad treochtaí agus patrúin sna huimhreacha a tháirgeann siad. Mar shampla, cé mhéad corruimhir/ré-uimhir is féidir a dhéanamh ónár gceithre dhigit?

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu atá níos lú, 3564 nó 3544 srl.?<br>• An féidir leat corruimhir/ré-uimhir a dhéanamh leis na digití seo?<br>• Cad an uimhir is mó/is lú gur féidir leat a dhéanamh leis na digití seo?<br>• Cad iad na huimhreacha ina bhfuil na digití leagtha amach in ord ardaitheach/ in ord íslitheach?<br>• Cad an tsuim de na huimhreacha a rinne tú?<br>• Cad an difríocht idir an uimhir is mó agus an uimhir is lú?<br>• Cé mhéad uimhir is féidir leat a chruthú le x sa cholún deicheanna?<br>• Cé mhéad uimhir atá níos mó ná/níos lú ná 15 x 10 srl.? | • Cad a thugann tú faoi deara faoi na huimhreacha a chruthaíonn tú ó na trí/ ceithre/cúig dhigit seo a leanas?<br>• Cén fáth a bhfuil a náid tábhachtach in uimhreacha?<br>• Inis dom faoin uimhir atá déanta agat, mar shampla an corruimhir/ré-uimhir í, fachtóirí, iolraí, an uimhir phríomha nó chearnach í, inroinnte ar x, palandróm, cad a shlánaíonn sí go dtí?<br>• Cén patrún a thugann tú faoi deara agus corruimhreacha/ré-uimhreacha nó iolraithe á n-aimsiú agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Socraigh líon na ndigití úsáidte agus dírigh ar fhiosrúchán de réir ábaltacht an dalta.

| | |
|---|---|
| 0 | 1 |
| 2 | 3 |

| | |
|---|---|
| 4 | 5 |
| 6 | 7 |

| 8 | 9 |
|---|---|